a dhúshlán. Caithfear gluaiseacht na Gaeilge a dhealú amach uaidh. An chéad rud a dhéanfas gluaiseacht leasaithe Gaeilge iarra ar Chumann Lúthchleas Gael a ndualgas a dhéanamh don teanga agus iad a chur i gcoimhlint le heagrais eile cluichí, ó iarra ar na heagrais eile cuidiú linn freisin. Is cóir rudaí dearfa a iarra orthu ar fad agus cairde áirid lena gcomhlíona. Níor mhiste liom cupla míle Gaeilgeoir a fheiceáil ag dul isteach i nDalymount agus a suaitheantais aitheantais — Fáinní a bheadh ar cíos acu le haghaidh an lae ón gCoirnéal — dhá dtaispeáint acu go buacach. Is mó atá Cumann Lúthchleas Gael i riocht a dhéanta ná eagras ar bith eile cluichí. Ba cheart gur i nGaeilge a chraobhscaoilfí leath na gcluichí. Níl stróbh ar bith in a thaobh seo ar an Telefís mar míníonn imeacht an chluiche é féin. Cluiche ar bith a thaispeántear in athuair, i nGaeilge ba chóir é a dhéanamh. Tá riail ag Cumann Lúthchleas Gael — riail leibideach de réir an leas atá dhá bhaint aistí — gurb i nGaeilge a bhéas ainm agus sloinne na n-imreoirí. Breá mar sin go mbíonn siad i mBéarla freisin i scríbhinní oifigiúil? Níor fhéach Cumann Lúthchleas Gael ariamh cur faoi deara do na páipéir nuaíocht, don Radió ná don Telefís, áird ar bith a thabhairt ar riail sin na n-ainmneachaí. A gcuid slíomadóireacht nach mór a phoiblíú agus a choinneáil poiblithe.

Fear céill a chaithfeadh de riachtanas a bheith i nGaeilgeoir agus sílim fós féin gurb é an céill an t-aon chineál damhsa a cheadaíos an Conra go hoifigiúil faoin a choimirce. Bhíodh an tábhacht céanna a dhul ag céilí le Gaeilge a labhairt. Ba thábhachtaí le tuille ná ceachtar acu sin a dhul ag cluichí Gaelach agus gan a dhul ag aon chluiche eile. Ba shin é an t-ord fiúntais.

Ar bhealach eile tá córas teireannaí agus geiseannaí sách iomlán ag sáinniú an Ghaeilgeora. Níor thuig cuid dá lucht aitheantais ariamh tuige nach dtiocfadh mo bhean sa Réalt ná sa Legiún Mhuire. Tá Fáinneoirí go leor iontu sin. Tá freisin sa dá chómhbhráithreas mhóra sa gCathair. Téann gach Gaeilgeoir uair ina shaol go Lourdes, go minic go Cnoc agus roinnt cuarta go Loch Dearg. Ní riachtanach ach is beag nach riachtanach do bhean agus is ionmholta d'fhear suaitheantas an staonaire. Suaitheantas staonaire agus Fáinne, dís a théas le chéile. Más Gaeilgeoir thú ar thaobh Fhianna Fáil atá tú agus má tá tú i t'oifigeach i ngluaiseacht na Gaeilge is beag nach bhfuil tú de riachtanas i t'oifigeach i bhFianna Fáil. Is túisce a fheictear an Gaeilgeoir ag dul go Shelbourne ná go Dalymount. Más iarmhacléinn leis na hfosánaigh thú ní miste dhuit go deimhin is ionmholta dhuit — a dhul ag cruinnithe Gaeilge i gColáiste na Tríonóide.

Ní daora é seo ar cheachtar de na rudaí seo. Dháiríre is rudaí ionmholta iad seo uilig. Níl anseo ach iarracht ar phátrún a ríanú, pátrún sóisialta Ghaeilgeoirí na Gluaiseacht.

Léigh cuid agaibh alt Róise Ní Mhistéil san **Irish Student** faoi dhuine ag foghlaim Gaeilge. Ní mór dhom a rá gur réitigh mé le cuid mhaith ann. Dar ndóigh an té atá ag foghlaim teanga — is cuma faoi láthair cé an fáth é bheith dhá foghlaim — ní foláir dhó uaireantaí cleachta teangeolaíocht nó **linguistic exercise** a dhéanamh dhe. Is féidir é sin a dhéanamh sa saotharlann cho maith is is féidir é a dhéanamh i gcomhthionól labhartha teanga agus níos fearr b'fhéidir. Ach sílim gurb é an rud céanna atá mise a rá a dúirt Róise ar bhealach eile.

Cuimhníonn sibh ar raic a bhí sa tSráidbhaile aimsir Uí Dhoirnín